


Imscrúdú arna dhéanamh ag Oifig
an Ombudsman do Leanaí

Cás **Jack***: An chaoi inar chuir an
FSS agus Tusla, an Ghníomhaireacht
um Leanaí agus an Teaghlach, cúram
ar fáil do leanbh faoi míchumais
shuntasacha, agus an chaoi ina
ndearna siad an cás a bhainistiú



*ainm bréagach is ea seo



ombudsman
do leanaí
for children

Clár

Achoimre Feidhmiúcháin	3
Cuid 1 An Gearán	7
Cuid 2 An tImscrúdú	8
Cuid 3 Dlí agus Beartais	9
Cuid 4 Breithiúnais	12
Cuid 5 Moltaí	22
Cuid 6 Freagairtí na gComhlachtaí Poiblí ar na Moltaí	23

Giorrúcháin

GLT	An Ghníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach (Tusla)
SLÉ	Sláinte Leanáí Éirinn
ECSP	Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail
GNTR	An Gréasán Náisiúnta um Roinnt Tí agus Sosanna Faoisimh
FID	Foireann Ildisciplíneach
OOL	Oifig an Ombudsman do Leanáí
FSS	Seirbhís Míchumais Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte
TT	Téarmaí Tagartha
CNACL	Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh
CNACDM	Coinbhinsiún na NA um Chearta Daoine faoi Míchumas

Achoimre Feidhmiúcháin

Jack

Buachaill ocht mbliana d'aois is ea Jack. I samhradh na bliana 2016, nuair a bhí Jack trí bliana d'aois, bhí sé bainteach i dtimpiste tráchtá thrómchúiseach i dtír eile, rud a d'fhág gortú inchinne agus gortuithe suntasacha eile air a d'fhág cor ina shaol. Diagnóiseadh go raibh réimse Míchumais fhisicigh agus gortú inchinne suntasach ar Jack, a raibh gach cloch míle forbartha bainte amach aige go dtí sin, agus go mbeadh cúnamh iomlán ag teastáil uaidh le gach cuid dá chúram laethúil.

I mí Aibreáin 2017 bhain máthair Jack ón ospidéal thar lear é agus d'fhill sí ar Éirinn leis, agus glacadh isteach san ospidéal ar an bpointe é. Fuaireamar gearán thar ceann Jack ón FID ag an ospidéal míochaine do leanaí ina raibh sé ina othar cónaithe. Léirigh an fhoireann go raibh inní orthu go raibh moill ar Sheirbhís Míchumais ábhartha Fheidhmeannach na Seirbhísí Sláinte (FSS) seirbhísí a sholáthar do Jack chun go mbeadh sé in ann imeacht ón ospidéal.

Nuair a léirigh máthair Jack inní nach mbeadh sise in ann an cúram ceart a chur ar fáil dó sa bhaile, chuir oibrí sóisialta leighis an fhaisnéis sin ar aghaidh go Tusla chun iad a chur ar an eolas agus chun cuidiú a iarradh. Chuir foireann leighis an fhaisnéis chéanna ar aghaidh go Tusla arís ina dhiaidh sin. Níor ghlac Tusla leis na hatreoruithe sin áfach, ar an mbonn gur faoin FSS amháin a raibh sé an cheist a réiteach.

Chuamar i mbun imscrúdaithe agus thugamar cuairt ar Jack i dteannta a mháthair agus é in sainúomh faoisimh pobail dúirt an fhoireann cúraim linn gur fhreagair Jack do ghuth a mháthair, do cheol agus do soilse LED.

Ár mBreithiúnais

Rinneamar imscrúdú ar chás Jack agus chinneamar go raibh tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí riaracháin an FSS agus Tusla araon ar a shaol. Nuair a cinneadh go raibh Jack réidh de réir míochaine de le himeacht ón ospidéal i mí Lúnasa 2017, d'fhan sé ina chónaí idir dhá ospidéal agus sainúomh faoisimh pobail ar feadh dhá bhliain go leith toisc gur theip ar Sheirbhís Míchumais an FSS agus Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach oibriú ina n-aonar agus i gcomhar a chéile chun freastail ar a chuid riachtanas.

Le linn na hama sin bhí tréimhsí ann nach raibh aon tacaíochtaí oideachais ar fáil do Jack agus ina raibh sé, go bunúsach, ar leithlis gan teagmháil le leanaí eile. B'annamh go bhfaca sé a dheirfiúr óg. Thabhaigh Jack ionfhabhtú agus é san ospidéal agus cuireadh i seomra aonair é. Dúirt a chomhairleoir linn gur scaoileadh isteach san ospidéal arís é, tar éis dó tréimhse a chaitheamh in sainúomh faoisimh pobail na leanaí inar bhain sé leas as plean cúraim a raibh níos socra agus níos leanúnaí.

Sna seachtainí ina dhiaidh sin, tuairiscíodh go raibh míshuaimhneas ar Jack agus go raibh sé ag caoineadh i gcónaí. Dúirt a chomhairleoir agus a mháthair araon go raibh sé tugtha faoi deara acu go raibh folláine Jack tar éis laghdú ó mhí na Samhna 2019.

Tá OOL den tuairim dá n-oibreodh an FSS agus Tusla le chéile ag céim luath go bhféadfadh an deis a bheith ag Jack, leis na tacaíochta iomchuí, fás aníos lena theaghlach. Fiú mura mbeadh sé in ann filleadh abhaile, d'fhéadfaí é a bhogadh go timpeallacht níos seascaire níos luaithe agus freastail ar scoil, fiú.

Tá inní orainn freisin gur shocraigh Seirbhís Míchumais an FSS Jack a chur le teaghlach óstach gan aon chreat dlíthiúil nó foirmeálta a bheith ann agus gan údarás iomchuí a bheith faighte. Ina theannta sin, níor aimsíomar aon léiriú gur cuireadh máthair Jack ar an eolas maidir leis na ceisteanna sin, agus is cosúil nach ndearnadh aon iarracht teagmháil díreach a dhéanamh le hathair Jack maidir le socrúchán a mhic.

Táimid tar éis a chinneadh freisin go raibh easpa cumarsáide iomchuí idir Sheirbhís Míchumais an FSS agus an t-ospidéal tar éis do Jack a bheith glactha isteach san ospidéal don chéad uair i mí Lúnasa 2017, mar aon le moill míshásúil ceithre mhí ar fhreagairt an FSS ar an ngearán arna dhéanamh ag an FID chun an cás a réiteach.

Chinneamar go mba cheart do Tusla measúnú tosaigh a dhéanamh ar Jack agus ar a chlann tar éis don oibrí sóisialta leighis agus don fhoireann leighis teagmháil a dhéanamh leo maidir lena gcuid inní agus na baol agus rioscaí féidearthachta a bhí ann do Jack. Dhiúltaigh siad an méid sin a dhéanamh ar an mbonn go raibh sé de fhreagracht ag Seirbhís Míchumais an FSS na ceisteanna a réiteach, agus nach raibh an tairseach dá gcúram sroichte ag Jack. Táimid den tuairim go raibh an cinneadh sin bunaithe go míchuí ar mhíchumas Jack.

Ar deireadh, leag an t-imscrúdú seo béim ar theipeanna córasacha FSS tacaíocht agus seirbhísí leordhóthanacha a sholáthar do leanaí mar Jack, faoi mhíchumas, a bhí ina gcónaí i suíomhanna míchuí. Dúirt an FSS linn go raibh 365 leanbh eile faoi mhíchumas a raibh socrúcháin teaghlaigh de dhíth orthu. Bhí siad ar an eolas freisin go bhfuil gá ann maoiniú breise a chur ar fáil le haghaidh luathsheirbhísí agus luaththacaíochtaí idirghabhála chun go mbeifear in ann cúram a chur ar fáil do pháistí sa bhaile.

Táimid den tuairim freisin go léirítear sa tuarascáil seo an gá atá ann do Tusla athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi ina mbainistítear na hatreoruithe a fhaigheann siad maidir le leanaí atá faoi mhíchumas agus ar an gcaoi ina n-oibríonn siad i gcomhar leis an FSS chun an cúram sin a sholáthar.

Creidimid go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh fás aníos lena dteaghlaigh agus nár cheart d'aon pháiste an deis sin a chailliúint de bharr easpa acmhainní, easpa seirbhísí, agus/nó easpa comhordaithe idir sheirbhísí stáit.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a tháinig chun cinn le linn chás Jack, agus d'fhonn deimhin a dhéanamh de nach dtarlóidh an rud céanna do pháistí eile in Éirinn, tá na moltaí seo a leanas déanta againn don FSS agus do Tusla:

Ár Moltaí don FSS

- Ní mór don FSS cruinniú ildisciplíneach a eagrú le gach seirbhís a raibh baint acu le Jack agus lena theaghlach;
- Ní mór do Sheirbhís Míchumais FSS athbhreithniú córasach a dhéanamh ar an bpointe ar gach cás ina bhfuil leanbh fós san ospidéal mura bhfuil gá leighis dóibh a bheith ann;

- Tá cur chuige comhtháite comhordaithe ag teastáil ó pháistí atá faoi míchumas trom. Ba cheart do Sheirbhís Míchumais an FSS creat a ullmhú chun measúnú uilechuimsitheach a dhéanamh ar chás leanbh agus teaghlaigh;
- Ní mór do Sheirbhís Míchumais an FSS dul i ngleic leis an Roinn Sláinte chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil seirbhísí agus maoiniú ar fáil d'fhonn tacú le ceart leanaí atá faoi míchumas fás aníos sa bhaile lena dteaghlaigh;
- Ní mór do Sheirbhís Míchumais an FSS athbhreithniú náisiúnta a chur ar bun maidir le cúram malartach do pháistí atá faoi míchumas nach bhfuil a dtuismitheoirí nó a gcúramóirí ag iarraidh nó in ann cúram a chur ar fáil dóibh;
- Ní mór prótacal nua a bhunú chun déileáil le heasaontuithe agus gearáin idir Seirbhís Míchumais an FSS agus ospidéal ghéarmhíochaine.

Ár Moltaí do Tusla

- Ní mór do Tusla treoir a eisiúint do gach réimse oibre sóisialta ar an bpointe, le rá go bhfuil sé riachtanach go láimhseálfar atreoruithe um chosaint agus leas leanaí a bhaineann le leanaí atá faoi míchumas ar an gcaoi céanna le gach atreorú eile agus i gcomhréir leis na beartais agus nósanna imeachta náisiúnta.
- Ní mór do Tusla athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an próisis measúnaithe tosaigh faoin Samhail Cleachtais ‘*Signs of Safety*’ chun deimhin a dhéanamh de nach ndéanfaidh sé idirdhealú i gcoinne leanaí atá faoi míchumas nach bhfuil a dtuismitheoirí nó a gcúramóirí in ann nó ag iarraidh cúram a chur ar fáil dóibh.

Moltaí Comhphárteacha do FSS agus Tusla araon

- Ní mór don FSS agus Tusla dul i ngleic leis an soláthróir seirbhíse ábhartha atá maoinithe ag an FSS le deimhniú an bhfuil socrúchán Jack leis an teaghlach óstach ag cloígh leis na riachtanais cosanta uilig faoi Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta agus an bhfuil sé ar an gcaighdeán céanna le cúram altrama;
- Ní mór don FSS agus Tusla gníomhartha a chomhaontú chun aghaidh a thabhairt ar na laigí a aithnítear i dTuarascáil an Shainghrúpa Náisiúnta: Roinnt Tí agus Míchumas Intleachtúil (2016) mar a bhaineann siad le leanaí;
- Ní mór do Tusla agus an FSS deimhin a dhéanamh de go bhfuil ceantair áitiúla inniúil agus in ann an Prótacal Comhphárteach a chur i bhfeidhm agus go bhfuil próiseas struchtúrtha ann chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an méid sin a cur i bhfeidhm chun comhoibriú idir chomhlachtaí a uasmhéadú agus a chinntiú.

Mar fhreagairt ar na moltaí sin tá ráiteas comhphárteach eisithe ag POFanna an FSS agus Tusla don Ombudsman do Leanaí ina nglactar leis na moltaí.

Ó shin, rinneadh athbhreithniú ar phlean cúraim Jack agus tá na gníomhaireachta uilig ag

oibriú i gcomhar le máthair Jack agus lena theaghlaigh óstach chun aghaidh a thabhairt ar a chuid riachtanais. Cuireadh réimse seirbhísí, trealamh leighis agus buiséad indibhidiúil ar fáil do Jack freisin chun aghaidh a thabhairt ar aon riachtanais a thiocfaidh chun cinn amach anseo. Tá teagmhálaí idirchaidrimh curtha ar fáil do chás Jack ag Tusla ón tseirbhís tacaíochta teaghlaigh, Meitheal. Tá sé aontaithe freisin ag an FSS agus ag Tusla measúnú a dhéanamh ar chás Jack chun a dheimhniú an bhfuil socrúchán Jack leis an teaghlach óstach ag cloígh leis na riachtanais cosanta uilig (de réir Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017)

Tá Jack ar scoil anois agus tá bheirt chomrádaí ranga aige.

Ar an leibhéal áitiúil, tá sé aontaithe ag Stiúrthóir Seirbhísí Tusla agus Príomhoifigeach an FSS go mbuailfidh siad le chéile uair in aghaidh na ráithe ós rud é go bhfuil líon ard cásanna casta ann a bhaineann leis an dá ghníomhaireacht sna ECSPanna.

Go náisiúnta, leathnófar prótacal comhpháirteach FSS/Tusla chun go mbeidh seirbhísí ospidéal ghéarmíochaine cumhdaithe ann, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar aon pháiste atá faoi míchumas nach bhfuil gá leighis ann dóibh a bheith sna ospidéal, agus feidhmeoidh sé mar bhonn don obair idirchomhlachta ar fad idir an FSS agus Tusla.

I gcomhar le Tusla, tabharfaidh an FSS faoi athbhreithniú náisiúnta ar an ngá reatha atá ann cúram malartach a chur ar fáil don ghrúpa leanaí seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar fáil i lár na bliana 2021 ina leagfar amach a mbeidh le déanamh chun seirbhís uilechuimsitheach a chur ar fáil dóibh agus dá dteaghlaigh.

Eiseoidh Tusla treoir do gach Réimse Tusla le rá go bhfuil sé riachtanach atreoruithe um chosaint agus leas leanaí a bhaineann le leanaí atá faoi míchumas a mheasúnú agus a bhainistiú ar an gcaoi chéanna le gach atreorú eile agus i gcomhréir leis na beartais agus nósanna imeachta náisiúnta. Is mian le POF Tusla go méadófar an réimse tacaíochta airgeadais agus teaghlaigh a mhéid agus is féidir, chun leas a dhéanamh do pháistí amhail Jack fiú mura mbeidh ceist cosanta i gceist leo.

Bhuail an FSS agus Tusla leis an Roinn Sláinte agus leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i mí Feabhra 2020 chun comhaontú a dhéanamh maidir leis na hacmhainní atá de dhíth chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Tá sé comhaontaithe ag an dá ghníomhaireacht gach iarracht a dhéanamh acmhainní a chur ar fáil do na cásanna casta a dtiocfaidh chun cinn.

Faoi dheireadh, tá plean gníomhaíochta á ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar na laigí a aithníodh i dTuarascáil an Shainghrúpa Náisiúnta: Roinnt Tí agus Míchumas Intleachtúil (2016).

Cuid 1: An Gearán

- 1.1** Fuaireamar gearán thar ceann Jack ón FID ag an ospidéal míochaine do leanaí ina raibh sé ina othar cónaithe.
- 1.2** Nuair a bhí Jack trí bliana d'aois bhí sé bainteach i dtimpiste tráchtá thromchúiseach i dtír iasachta, agus fágadh go raibh réimse Míchumais fhisicigh agus gortú inchinne suntasach ar Jack.
- 1.3** Tá titimeas ar Jack, níl soghluaisteacht aige agus meastar go bhfuil sé iomlán dall (cé nach bhfuil an méid sin deimhnithe).
- 1.4** Níl Jack in ann ithe lena bhéal, rud a fhágann go bhfuil PEG de dhíth air agus tá cúnamh iomlán ag teastáil le gach gné dá chúram laethúil.
- 1.5** Nuair a d'fhill Jack go hÉirinn lena mháthair glacadh isteach san ospidéal é, agus i mí an Mhárta 2017 d'atreoraigh FID an ospidéal go dtí Seirbhísí Míchumas FSS ina cheantar áitiúil é. Chuir an FID tuarascálacha faoi leith ar fáil maidir le riachtanais leanúnacha Jack, amhail Teiripe Saothair, Fisiteiripe, Diatéitic agus Teiripe Urlabhra agus Teanga. Cuireadh béim ar an gcastacht a bhain le riachtanais Jack agus iarradh go gcuirfeadh *Fóram um Athreoruithe Míchumais an FSS* na riachtanais san áireamh sin i bplean fadtéarmach Jack.
- 1.6** I mí Dheireadh Fómhair 2017, gan freagra a bheith ann ar an iarratas seirbhíse sin, rinne an FID gearán do Bhainisteoir ábhartha Sheirbhísí Míchumais an FSS maidir le fad na tréimhse a raibh i gceist freagairt a fháil maidir le soláthar na Seirbhísí Míchumais agus rochtain ar Sheirbhísí Míchumais do Jack.
- 1.7** Chuir an FID a cuid inní in iúl do OOL i mí Eanáir 2018, gan freagra a bheith faighte ó FSS go fóill. Faoin am sin bhí Jack tar éis aistriú go dtí sainsuíomh ospidéal Luan go hAoine, agus d'fhanadh sé in ospidéal leanaí ag an deireadh seachtaine.
- 1.8** I mí Aibreáin 2018 rinne Oibrí Sóisialta Sinsearach ón sainsuíomh ospidéal atreorú chuig Tusla, ós rud é go raibh máthair Jack den tuairim nach mbeadh sí in ann cúram ceart a chur ar fáil dó agus dá dheirfiúr sa bhaile, agus go raibh sí ag iarraidh go gcuirfí Jack faoi chúram deonach in ionad cónaithe. Chuir sí in iúl go raibh sí ag iarraidh go mbeadh sé sa bhaile léi cúpla uair an chloig sa tseachtain.
- 1.9** Léirigh an Oibrí Sóisialta Sinsearach inní freisin go mbeadh baol ann do leas Jack dá rachadh sé abhaile.
- 1.10** Ina dhiaidh sin, rinne OOL roinnt iarrachtaí seasamh Tusla maidir leis na himní cosanta agus leasa leanaí sin a fhionnadh, agus aon ról níos leithne a raibh acu i ndáil le riachtanais Jack a dheimhniú.
- 1.11** Ar an 1 Feabhra 2020 chuir an FSS Jack le Teaghlach Óstach go foirmeálta faoi choimirce cumainn carthanachta.

Cuid 2: An tImscrúdú

- 2.1** Leagtar amach ár ról san Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002. Leagtar amach ansin go bhféadfaimid imscrúdú a dhéanamh ar chomhlacht poiblí, scoil, nó ospidéal toiliúil i gcás ina ndearnadh dochar díobhálach do leanbh, nó i gcás ina gcreidfimid go mb'fhéidir go ndearnadh an méid sin, mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí riaracháin. Ciallaíonn sé sin go ndéanaimid athbhreithniú ar ghearáin a bhaineann le gníomhaíochtaí nó cinntí eagraíochta chun a chinneadh an ndearnadh nó an b'fhéidir go ndearnadh dochar do leanbh.
- 2.2** Leagtar amach fócas san Acht le haghaidh ceithre imscrúdú. Tá sé mar aidhm againn a chinneadh an ndearnadh dochar do leanbh mar gheall ar gníomhaíochtaí riaracháin arna ndéanamh ag seirbhís poiblí. Liostaítear seacht réimse san Acht ina bhféadfadh go ndearnadh gníomhartha:
- i. Gan údarás iomchuí;
 - ii. Ar fhorais neamhábhartha;
 - iii. A raibh neamart nó neamh-aire ba chúis leo;
 - iv. Bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó easpach;
 - v. Ar bhealach a raibh idirdhealaitheach go míchuí;
 - vi. Bunaithe ar chleachtais riaracháin neamh-inmhianaithe; nó,
 - vii. Contrártha do riaradh cóir nó fónta ar bhealach eile.
- 2.3** I mí Lúnasa 2019, tar éis imscrúdaithe tosaigh, chuireamar an FSS agus Tusla araon ar an eolas go raibh sé i gceist againn leanúint le himscrúdú reachtach ar na cinntí riaracháin arna ndéanamh ag an dá chomhlacht i ndáil le cúram agus leas Jack a bhainistiú.
- 2.4** Mar chuid dár n-imscrúdú rinneamar athbhreithniú ar na cáschomhaid arna gcur ar fáil ag an FSS agus Tusla maidir lena ról agus bhfeidhm i ndáil le Jack.

Bhí cruinnithe imscrúdaithe againn freisin leis na baill foirne ábhartha ón FSS agus Tusla a raibh eolas acu ar an gcás agus ar na ceisteanna a raibh sá n-imscrúdú, mar aon le péidiatraí comhairleach Jack agus ionadaithe ó Sláinte Leanaí Éirinn (SLÉ).

Leis na cruinnithe sin bhíomar in ann tuilleadh eolais a bhailiú maidir le beartais gearán FSS mar aon leis na beartais agus nósanna imeachta ar a raibh an FSS agus Tusla ag brath sa chás seo, agus maidir le leanaí eile faoi míchumas i socrúcháin mhíchuí.

Cuid 3: Dlí agus Beartais

- 3.1** Déanaimid athbhreithniú ar ghníomhartha comhlachtaí poiblí i gcomparáid leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus an dlí náisiúnta ábhartha, mar aon leis an na beartais náisiúnta agus nósanna imeachta áitiúla. Ní bheadh sé praiticiúil gach dlí, beartas agus nós imeachta atá bainteach leis an ngearán seo liostáil; mar sin féin, táimid den tuairim go bhfuil na cinn a dhéantar trácht orthu anseo thar a bheith ábhartha maidir le gearán a bhaineann le leanbh atá faoi míchumas i socrúchán lasmuigh den bhaile.

Caighdeáin Idirnáisiúnta

- 3.2** Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (CNAACL) ar an 28 Meán Fómhair 1992. Ciallaíonn sé sin gur thiomnaigh an Rialtas cearta gach leanbh, mar a leagtar amach iad sa CNAACL, a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear leanaí atá faoi míchumas. Tá sé luaite freisin in Alt 23 den CNAACL **‘Tá sé de cheart ag leanbh atá faoi míchumas saol iomlán agus fóna a bheith acu i gcoinníollacha a chuireann dínit, neamhspleáchas agus ról gníomhach sa phobal chun cinn. Ní mór do Rialtais gach iarracht a dhéanamh cúram saor in aisce agus cabhair a chur ar fáil do linbh atá faoi míchumas’.**

- 3.2.1** I dtuairimí deiridh na Comhairle um Chearta an Linbh ar na tríú agus ceathrú thuarascálacha Éireannacha¹, iarrtar ar an Rialtas deimhin a dhéanamh de *‘47(b) “Go bhfuil beartais chuí ann chun cúram a sholáthar do leanaí atá faoi míchumas sa bhaile, más féidir nó más iomchuí, in áit iad a shuíomh san ospidéal nó in institiúid’.*

- 3.3** Glacadh le Coinbhinsiún na NA maidir le Cearta Daoine atá Faoi Míchumas (CNACDM) in 2006. Shínigh Éire an Coinbhinsiún in 2007 agus tháinig sé i bhfeidhm ón 19 Aibreán 2018. Ciallaíonn sé sin go bhfuil Éire tiomnaithe do chearta daoine atá faoi míchumas, lena n-áirítear leanaí, mar a leagtar amach iad sa choinbhinsiún, a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh.

Dlí agus Beartais Intíre atá ábhartha don FSS

- 3.4** Mar chuid den imscrúdú seo bhreathnaíomar freisin ar an dlí intíre agus beartais atá ábhartha do FSS.
- 3.5** An *Prótacal Comhpháirteach um Chomhar Idirchomhlachta Idir Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus an GLT – Leas Leanaí agus Teaghlaigh le Chur Chun Cinn ag an GLT (Márta 2017)*
- 3.6** Tá sé luaite i *‘Better Outcomes Brighter Futures’*: Creat an Pholasaí Náisiúnta um Leanaí agus an Óige 2014 – 2020 *“go bhfuil sé de fhreagrach ag an Stát, ina ról mar thuismitheoir corparáideach do pháistí atá faoi chúram, deimhin a dhéanamh de go dtabharfar tús áite do thacaíochtaí chun cabhrú leis na linbh agus daoine óige seo barr a gcumais a bhaint amach.”*
- 3.7** Tá sé mar aidhm ag an *bPlean Feidhmithe Náisiúnta um an Straitéis Míchumais*

1 CRC/C/IRL/CO/3-4, 29 Eanáir 2016

2013 - 2015 ² sochaí Éireannach ionchuimsitheach a chur chun cinn ina mbeidh daoine atá faoi míchumas in ann barr a gcumais a bhaint amach agus a bheith páirteach sa tsaol laethúil sa phobal. Tá sé ráite i sprioc rannpháirtíochta 3(c) ‘Go mbeidh daoine atá faoi míchumas ina gcónaí agus páirteach sa phobal mór’ agus ráite i sprioc 2(b) go dtacófar leis an ‘aistriú ó shuíomhanna cónaitheacha chun go mbeidís ina gcónaí sa phobal’ (ar leathanach 6)

- 3.8** Fís an FSS is ea *Seirbhísí Míchumais a Chur Chun Cinn do Leanaí agus Daoine Óga* a bhfuil sé mar aidhm aige Seirbhísí Míchumais a dhéanamh cothrom agus seasmhach do chách³.
- 3.9** Leagtar amach i dTuarascáil an Shainghrúpa Náisiúnta: Roinnt Tí agus Míchumas Intleachtúil (2016), “Is éard atá i dteaghlach Roinnte Tí (Maireachtáil Roinnte) ná teaghlach a chuireann cúram lánaimseartha ar fáil do dhuine atá faoi míchumas intleachtúil, cosúil le socrúchán altrama. Cuireann an teaghlach maireachtála roinnte a mbaile ar fáil don dhuine atá faoi míchumas intleachtúil chun a mbaile a roinnt leo ar bhonn lánaimseartha mar bhall den teaghlach.
- 3.10** Déantar foráil i mBeartas an FSS um Ghearáin a Láimhseáil, “*Your Service –Your Say*” go bhfreagrófar gearáin laistigh de 30 lá oibre agus go dtabharfar uasdátú gach 20 lá ina dhiaidh sin.

DLÍ Intíre agus Beartais atá ábhartha do Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

- 3.11** Mar chuid den imscrúdú seo, bhreathnaíomar freisin ar an reachtaíocht náisiúnta, beartais, agus nósanna imeachta eile a bhaineann le cúram altramais agus leanaí atá faoi míchumas. Mar shampla, i mí Aibreáin 2015, leis an *Acht um an Aonú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí) 2012* cuireadh Alt 41A isteach I mBunreacht na hÉireann, lena gcuirtear iallach ar chomhlachtaí stáit cearta nádúrtha agus dochealaithe gach leanbh a aithint agus a dhaingniú.
- 3.12** Is é an tAcht um Chúram Leanaí 1991 an príomh-reachtaíocht a rialaíonn seirbhísí do leanaí. Leagtar amach ann ról an GLT i ndáil le cosaint agus leas leanaí. Mír 3 den Acht 1991 (1) Beidh sé mar fheidhm ag gach bord sláinte leas leanaí ina cheantar ar leanaí iad nach bhfuil cúram agus cosaint chuí á bhfáil acu a chur chun cinn. (2) Chun na críche sin—**a) tógfaidh bord sláinte na céimeanna a mheasann sé a bheith iomchuí chun leanaí nach bhfuil ag fáil cúraim agus cosanta cuí a aithint agus déanfaidh sé faisnéis ag baint le leanaí ina cheantar ó gach foinse ábhartha a chomhordú; agus (c) beidh aird aige ar an bprionsabal go bhfuil sé chun leasa linbh, go ginearálta, go dtófar iad lena dteaghlach féin.**
- 3.13** Foráiltear I Mír 8(8) den Acht um Leanaí agus an Teaghlach 2013 go ndéanfaidh an GLT mar a leanas: *‘éascóidh sé agus cuirfidh sé comhoibriú chun cinn idir chomhlachtaí d’fhonn a áirithiú go mbeidh seirbhísí do leanaí comhordaithe agus go gcuirfear freagairt chomhtháite ar fáil ar riachtanais leanaí agus a dteaghlach.’* Liostaítear idirghabháil luath, tacaíocht do thuismitheoirí agus soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán ann mar spriocanna.

² http://www.justice.ie/en/JELR/NDS_ImplementationPlan_FINAL.Pdf/Files/NDS_ImplementationPlan_FINAL.Pdf

³ Féach <http://www.hse.ie/progressingdisabilityservices/>

- 3.14** Leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 tugtar bonn reachtach do ghnéithe de *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*.⁴
- 3.15** Foilsíodh an *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* athbhreithnithe in 2017⁵. Leagtar amach ann prótacail faoi leith le haghaidh Oibríthe Sóisialta sa GTL, don Gharda Síochána agus d'oibríthe eile ar an líne tosaigh atá ag déileáil le mí-úsáid agus/nó neamart amhrasta. Cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú ildisciplíneach idir comhlachtaí agus imní maidir le sábháilteacht agus cúram leanaí á mbainistiú. Tá comhroinnt faisnéise idir chomhlachtaí agus disciplíneacha ríthábhachtach chun na gcríoch sin, mar aon le comhoibriú iomlán chun na torthaí is fearr a áirithiú.
- 3.16** *Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Leanaí a Shuíomh faoi Chúram Altrama) 1995*. Leagtar amach sna rialacháin seo na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo agus suíomhanna altrama á soláthar.

4 Achtaíodh an tAcht um Thús Áite do Leanaí ar an 19 Samhain 2015. (http://www.dcy.gov.ie/viewdoc.asp?fn=%2Fdocuments%2FChildren_First%2FChildrenFirstLegislation.htm).

5 www.dcy.gov.ie/viewdoc.asp?fn=/documents/Children_First/ChildrenFirstGuidance.htm

Cuid 4: Breithiúnais

- 4.1** Baineann breithiúnais ár dtuarascálacha lena ndearnadh nó nach ndearnadh dochar do Jack mar thoradh ar gníomhartha riaracháin comhlachta phoiblí.
- 4.2** Is iad seo a leanas ár gcuid breithiúnais i gcoinne an FSS:

Breithiúnas 1

Cinneadh go raibh Jack réidh de réir míochaine de le scaoileadh amach ón ospidéal i mí Aibreáin 2017 ach d'fhán sé i suíomhanna míchuí go ceann 29 mí, agus é á bhogadh idir dhá ospidéal agus sainsuíomh faoisimh pobail, go dtí mí Feabhra 2020. Táimid den tuairim go raibh an méid sin iomlán neamhfhoirsteanach agus neamartach, agus míréireach leis na prionsabail agus gealltanais a leagtar amach sa “Phlean Feidhmithe Náisiúnta um an Straitéis Míchumais 2013 - 2015” agus i “Seirbhísí Míchumais a Chur Chun Cinn do Leanáí”.

Breithiúnas 2

Ní raibh straitéis soiléir ag Seirbhís Míchumais an FSS chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais Jack tar éis dó a bheith atreoraithe chuig an seirbhís. Cé go n-aithnímid na hiarrachtaí suntasacha a rinne an Cásbhainisteoir, tháinig an próiseas lena roghnaíodh socrúchán chun cinn ad hoc agus ní raibh sé treoraithe ag creat beartais soiléir. Ina theannta sin, mar gheall nach raibh creat ann ag baint le leanáí atá faoi míchumas a shuíomh faoi chúram malartach, ba ea an cúram cónaithe an chéad rogha a fiosraíodh do Jack. Tá an méid sin míréireach le beartais CNACDM agus CNAFL. Tá sé ráite sa dhá choinbhinsiún sin go mba cheart cuimhneamh ar an leanbh a chur faoi chúram lena dteaghlach sínte i gcás nach mbeidh tuismitheoirí in ann cúram a chur ar fáil dó/dí, nó in éagmais sin, cuimhneamh ar an leanbh a chur faoi chúram le teaghlach nach gaolta iad.

Breithiúnas 3

Tar éis an atreoraithe chuig Seirbhís Míchumais an FSS i mí an Mheithimh 2017, d'aimsíomar go raibh cumarsáid ann idir an seirbhís agus an ospidéal agus go raibh sé bunaithe ar chleachtais riaracháin neamh-inmhianaithe. Mar shampla, níor fhreastail an FSS ar iar-chruinniú i mí Lúnasa, agus nuair a athsceidealadh an cruinniú i mí Dheireadh Fómhair ní raibh baint lárnach ag an oibrí FSS a d'fhreastail ar an gcruinniú le cás Jack, agus ní raibh siad bainteach leis arís ina dhiaidh sin.

Breithiúnas 4

I mí Dheireadh Fómhair 2017, rinne oibrithe ar an FID san ospidéal gearán do Bhainisteoir Seirbhísí Míchumais an FSS maidir le rochtain Jack ar sheirbhísí Míchumais agus soláthar na seirbhísí sin. Tar éis aighneachtaí arna ndéanamh ag an ospidéal agus an OOL, fuarthas freagairt ón FSS faoi dheireadh i mí Feabhra 2018. Níl an mhoill sa fhreagairt sin i gcomhréir leis na tréimhsí ama a leagtar amach in “Your Service, Your Say” agus mar sin cleachtas riaracháin neamh-inmhianaithe ab ea í.

I mí an Mhárta 2017 cinneadh go raibh Jack réidh de réir míochaine de le scaoileadh amach ón ospidéal agus d’atreoraigh FID an ospidéil an plan dá chas chuig Seirbhísí Míchumais an FSS ina cheantar áitiúil. Dúirt an FID linn ag an am sin, ainneoin a riocht sláinte tromchúiseach, go mb’fhéidir go bhféadfadh teaghlach Jack, i gcomhar lena theaghlach sínte, “*é a chur faoi chúram sa bhaile le tacaíocht cuí ón FSS.*” Go deimhin, i mí Bealtaine 2017 suiteáladh leaba speisialta ina theach agus chuir oibrithe sláinte oiliúint agus comhairle ar fáil dá mháthair maidir lena chúram pearsanta agus leighis.

Scríobh ball den FID chuig an FSS chun cuireadh a thabhairt d’ionadaí ón tSeirbhís Míchumais freastail ar chruinniú beartaithe idir shaineolaithe ar raibh le seoladh i mí Lúnasa 2017. “*Dul i mbun plé agus pleananna a dhéanamh chun go mbeidh Jack in ann filleadh abhaile agus na seirbhísí cuí i bhfeidhm*” a raibh mar rún ag an gcruinniú sin. Mar fhreagairt, dúirt Seirbhís Míchumais an FSS nach raibh aon duine ar fáil le freastail ar an gcruinniú sin agus “*ar an drochuair, níl an maoiniú ag Seirbhísí Míchumais (sa cheantar ESL sin) chun freagairt láithreach a chur ar fáil, ach déanfar iarracht maoiniú a urrú.*”

Ar deireadh, tionóladh cruinniú idir-chomhlachta san ospidéal ag deireadh mhí Lúnasa 2017, agus cé go raibh cuireadh tugtha, ní raibh ionadaí ón tSeirbhís Míchumais FSS áitiúil in ann freastail ar an gcruinniú. D’eagraigh an t-ospidéal cruinniú idir-chomhlachta eile i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus d’fhreastail bainisteoir ó Sheirbhís Míchumais FSS.

Dé réir mhiontuairiscí an chruinnithe, chuir an t-ionadaí FSS in iúl go raibh liosta feithimh 30-mí ann le haghaidh “*ionchur athshlánúcháin*” do Jack trí fhoireann aois-scoile na Seirbhíse Míchumas. Chuir siad in iúl freisin go socródh seirbhísí cúraim príomhúil an FSS na riachtanais a mbainfeadh le Jack a scaoileadh amach ón ospidéal amhail trealamh agus méid a chathaoir rotha a athrú mar is gá, mura mbeadh aon sheirbhís eile ar fáil dó faoin am sin.

Tar éis an chruinnithe sin rinne an FID gearán don Bhainisteoir Seirbhísí Míchumais an FSS sa cheantar ábhartha maidir leis an moill seirbhísí Míchumais a fháil do Jack. I mí na Samhna 2017, seoladh cruinniú eile chun plan a leagan síos maidir le Jack a scaoileadh amach ón ospidéal, agus cé go raibh cuireadh tugtha, níor fhreastail Seirbhísí Míchumais an FSS ar an gcruinniú, agus de réir na dtuairiscí níor thug siad cúis leis an asláithreach.

Níos déanaí sa mhí, aistríodh Jack go dtí sainsuíomh ospidéil i rith na seachtaine chun go mbeadh measúnú agus tacaíocht speisialtóra ar fáil dó. Le linn na hama sin d’fhanadh Jack san ospidéal leaná ag an deireadh seachtaine.

Ós rud é nach raibh freagairt faighte ag an FID ar a ngearán, rinne siad teagmháil leis an OOL i mí Eanáir 2018. Chuaigh an OOL sa tóir ar nuashonrú ón FSS le féachaint an mbeifí in ann an cás a réiteach.

I mí Feabhra 2018, d'fhreagair an FSS an gearán arna dhéanamh ag an FID agus mhol siad go gcuirfí síneadh ama le socrúchán Jack san ospidéal go ceann míosa eile; go lorgófaí tacaíocht fo-rochtana oideachas ó Sheirbhís Míchumais ainmnithe; agus go bhfiosródh foireann Míchumais an FSS pacáiste um thacaíocht baile sealadach le tuismitheoirí Jack nuair a scaoilfí isteach ina gcúram é.

D'fhán Jack san ospidéal ar feadh ceithre mhí eile ina dhiaidh sin agus níor tharla na tacaíochtaí fo-rochtana oideachais.

Taispeántar, sna miontuairiscí ó chásbhainisteoir an FSS ó mí Dheireadh Fómhair 2018 go dtí mí Eanáir 2019, na hiarrachtaí a rinneadh chun socrúchán cónaithe a aimsiú do Jack. Rinneadh iarratais do dhá Sheirbhís Míchumais atá maoinithe ag an FSS agus dhá sholáthróir príobháideacha agus ní raibh aon cheann acu in ann áit a thairiscint dó.

I mí Eanáir 2019 tar éis comhairliúcháin idir an FSS agus an t-ospidéal péidiatrach, rinneadh socrúchán go bhfillleadh Jack san saínsuíomh faoisimh pobail arís. Tuairiscíodh go ndearnadh an socrúchán sin mar chuid de bheartas chun brú a laghdú san ospidéal thar tréimhse gnóthach an gheimhridh. Rinne an Cásbhainisteoir atreorú ina dhiaidh sin chuig Seirbhís Faoisimh ata maoinithe ag an FSS i mí Aibreáin 2019.

Dúirt an tseirbhís sin go raibh liosta feithimh 30 mí i gceist sula mbeadh siad ar fáil.

D'fhán Jack idir ospidéil agus saínsuíomh faoisimh pobail go dtí mí Feabhra 2020. Le linn na hama sin bhí trí thréimhse ann nach raibh aon thacaíochtaí oideachais ag Jack agus ina raibh sé, go bunúsach, ar leithlis gan theagmháil le leanaí eile. B'annamh go bhfaca sé a dheirfiúr óg. Thabhaigh Jack ionfhabhtú ina dhiaidh sin agus é san ospidéal agus cuireadh i seomra aonair é dá bharr. Dúirt a chomhairleoir linn gur glacadh isteach san ospidéal arís é, tar éis dó tréimhse a chaitheamh in saínsuíomh faoisimh pobail na leanaí inar bhain sé leas as plean cúraim a raibh níos socra agus níos leanúnaí. Dúirt a chomhairleoir agus a mháthair araon go raibh sé tugtha faoi deara acu go raibh folláine Jack tar éis laghdú ó mhí na Samhna 2019.

Seachas an t-am a chaith sé san ospidéal athshlánaithe, ní raibh aon cheann de shocrúcháin Jack ó mí Bealtaine 2017 treoraithe ag a riachtanais mheasúnaithe agus ní raibh údar leo de réir míochaine. In agallamh leis an bhfoireann Míchumais FSS aithníodh go raibh moilleanna suntasacha ann sa phróiseas seirbhísí a chur ar fáil agus a phleanáil do Jack.

Dúirt Ceannasaí Seirbhísí an FSS um Chúram Sóisialta agus Míchumais linn go raibh sé deacair socrúchán cuí a aimsiú do Jack, mar gheall go pointe áirithe, go raibh sé neamhchoitianta leanbh chomh óg sin a shuíomh faoi chúram cónaitheach lánaimseartha. Mar gheall ar an ionfhabhtú agus na réamhchúraim sláinteachais ba ghá chun déileáil leis, bhí drogall ar roinnt soláthróirí seirbhíse socrúchán cúraim a chur ar fáil do Jack. Luaigh an bainisteoir freisin go raibh *“dúshlán i gceist le leanbh a bhfuil riachtanais sláinte thromchúiseacha air a shuíomh i dteannta leanaí a bhfuil fadhbanna iompraíochta acu”*.

Maidir le ceist an mhaoinithe, dúirt Stiúrthóirí Oibríochtaí an FSS linn *“nach raibh maoiniú ag an oifig ach chun na nithe a raibh (fúmsa) le déanamh in aon bhliain amháin agus go bhfuilimid in ann maoiniú a chur ar fáil leis an gcreat cónaitheach d'aon socrúchán a bhfuil rioscaí láithreacha i gceist”*. *“Tá go leor maoiniú breise ag teastáil”*, a dúirt siad.

Dúirt an Stiúrthóir freisin *“go bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun a rá linn cad iad na rudaí a mbeidh le déanamh againn sna deich mbliana atá amach romhainn, ach níl*

an maoiniú ar fáil chun na gcríoch sin” agus go raibh siad den tuairim láidir “nach bhfuil maoiniú ar fáil do Sheirbhísí Míchumais chun dul i ngleic leis na riachtanais atá ann anois nó a bheidh ann amach anseo” ós rud é “gur beag an maoiniú atá ag dul i dtreo socrúcháin chónaitheacha nua a sholáthar”.

Leanaí faoi Míchumas sa GLT agus ar Fud na Tíre

I mí an Mhárta 2019 scríobh Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail (ECSP) an FSS sa cheantair a raibh freagrach as Jack litir chuig an mbainisteoir líne chun iad a chur ar an eolas go raibh *“bainisteoir um mhíchumas agus tacaíochtaí riaracháin teoranta sannta don tseirbhís”* nuair a atreoradh cás Jack don chéad uair in mí Bealtaine 2017. Ní raibh aon chásbhainisteoir sa cheantar sin áfach, ina raibh 750 daoine ag baint úsáide as an seirbhís, ar leanáí ab ea 128 acu, agus measadh go raibh 59 acu siúd ina gcásanna reatha. Dúirt bainisteoir an ECSP i scríbhinn, *“Le deich mbliain anuas níor cuireadh maoiniú cuí ar fáil nó ar leataobh le haghaidh riachtanas beartaithe leanáí maidir le socrúcháin chónaitheacha”. In 2017, cuireadh 17 leanbh sa cheantar ECSP seo mar shocrúcháin éigeandála; i 2018 - 10 leanbh ar chostas €1.613 m. €4.069m an costas measta ar na socrúcháin sin ó 2018 don bhliain 2019”.*

Luaigh sé freisin *“Ag an bpointe sin, ar fud an ECSP, bhí 28 leanbh ann a raibh cláráithe leis an Uirlis Bainistíochta Iarratas um Thacaíochtaí Míchumais a raibh socrúchán cónaitheach de dhíth orthu, agus Jack san áireamh, ach ní raibh aon mhaoiniú ar fáil.” Ar an 29 Márta 2019, bhí thart ar 11 leanbh a raibh a dteaghlai i nguais agus a raibh a gcuid leanáí faoi chúram faoisimh nó “suíomhanna ard-riosca” ina raibh baol ann go rachadh an cás in olcas”.*

Chun comhthéacs a thabhairt don mhéid sin, chuir an bainisteoir in iúl go raibh róchaitheamh €12 milliún ag Seirbhís Míchumais an FSS an t-am sin (mí na Samhna 2019) mar gheall ar socrúcháin chónaitheacha don chuid is mó.

Ar ndóigh, in agallamh le Stiúrthóir Oibríochtaí an FSS luadh go raibh, faoi mhí na Nollag 2019, 356 leanbh aitheanta ag an UBIM⁶ a raibh socrúcháin chónaitheacha de dhíth orthu. Luadh freisin gur dóichí gur meastachán faoina luach a bhí sna figiúirí sin toisc *“go bhfuil go leor leanáí ann nach bhfuilimid ar an eolas fúthu- riachtanais is iad a seo a bhfuilimid ar an eolas fúthu, ach tá riachtanais ann nach bhfuilimid ar an eolas fúthu freisin.”* Dúirt an Stiúrthóir, *“Ní mór go ndéanfaimid tuilleadh luath-idirghabhála- chuirfear cosc ar chuid mhór de na fadhbanna seo dá ndéanfadh muid an méid sin” agus “tá ganntanas 400 phost cliniciúil ann go náisiúnta, rud a bhfuil tionchar mór aige ar an scéal.”*

Go dearfach, dúirt an FSS linn, i gcomhar le soláthróir príobháideach laistigh den ECSP, *“go bhfuil teach cúraim roinnte á fhorbairt againn, atá le hoscailt i mí Eanáir 2020. Beidh spás d’ocht ar leanáí ann, leath den am sa teach agus leath den am sa bhaile”.*

Bhuaileamar freisin le baill foirne ó SLÉ chun a gcuid tuairimí a fháil ar an scéal maidir le leanáí atá ag fanacht san ospidéal de bharr easpa tacaíochta chun filleadh abhaile nó dul go dtí seirbhís tacaíochta. Dúirt siad linn go raibh thart ar 18/19 leanbh a raibh moill orthu a scaoileadh amach ón ospidéal timpeall na tíre in 2017-2018. Thit an figiúr sin go dtí 7/8 leanbh in 2019. Luaigh siad a thábhachtaí a raibh sé go mbeadh bealaí soiléire,

⁶ An Uirlis Bainistíochta Iarratas um Thacaíochtaí Míchumais. Is creat comhaontaithe ar bhonn náisiúnta é seo a úsáideann an FSS chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais daoine atá faoi míchumas a bhfuil cúram cónaitheach de dhíth orthu

struchtúrtha ann agus acmhainní ar fáil sa phobal chun deimhin a dhéanamh de nach bhfanfadh leanaí amháil Jack san ospidéal in ainneoin a gcuid riachtanas leighis agus riachtanas eile.

Breithiúnas 5

I mí Feabhra 2020, chuir Seirbhísí Míchumais an FSS Jack le teaghlach óstach. Glacann an FSS leis nach raibh aon chreat reachtach faoi leith ná aon bhonn dlíthiúil ag an socrúchán sin mar a cuireadh i bhfios i “Tuarascáil an Shainghrúpa Náisiúnta (2016)”. Cé go bhfuil sé soiléir go raibh baill foirne an FSS ag cuimhneamh ar leas Jack agus go rabhthas ag iarraidh é a shuíomh i dtimpeallacht teaghlaigh, cinnimid go raibh an cinneadh chun an socrúchán seo a chur chun cinn in éagmais aon chreat rialála foirmeálta nó dlíthiúil, agus gan údarás cuí, bunaithe ar chleachtais riaracháin neamh-inmhianaithe.

Breithiúnas 6

Faoi imthosca an phlean go gcuirfí Jack le Teaghlach Óstach agus go mbeadh sé faoina chúram, lorg agus fuair Seirbhísí Míchumais an FSS ceadú óna mháthair chun leanúint leis an socrúchán sin. Níor tháinig aon fhianaise chun cinn a dtugadh le fios gur cuireadh máthair Jack ar an eolas maidir leis na himní tromchúiseacha a léiríodh i dTuarascáil an Shainghrúpa Náisiúnta (2016) ná nach raibh bonn reachtach nó rialála ag socrúcháin den chineál sin. Tá amhras ar an Oifig seo freisin go raibh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil d’athair Jack maidir leis an socrúchán beartaithe teoranta don fhaisnéis a bhfuair sé óna bhean chéile chomhthite, máthair Jack. Sa chomhthéacs seo, meastar go raibh an teagmháil le máthair Jack agus an ceadú a lorgaíodh uaithi sa chás seo bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó neamhiomlán.

I mí Aibreáin 2019, rinne Seirbhís Míchumais an FSS teagmháil le soláthróir seirbhíse san earnáil charthanach a raibh taithí aige ar faoiseamh teaghlaigh a chur ar fáil do leanaí agus daoine fásta atá faoi Míchumais intleachtúla agus atá ina gcónaí lena dteaghlaigh go príomha. Mhair an próiseas fógraíochta chun teaghlach óstach féideartha a aithint níos lú ná seachtain amháin, agus tháinig teaghlach a raibh taithí acu ar chúram faoisimh a chur ar fáil do leanaí faoi míchumas chun cinn, agus léirigh siad go mbeadh spéis acu cúram a chur ar fáil do Jack. Cuireadh plean i bhfeidhm go gcuirfeadh an teaghlach óstach cúram ar fáil do Jack ó Luan go hAoine agus go gcuirfeadh seirbhís faoisimh cónaitheach cúram ar fáil dó ag an deireadh seachtaine. D’íocfaí liúntas chuig an teaghlach chun cúram a chur ar fáil do Jack cosúil le liúntas cúraim altrama, agus rinneadh réamhíocaíocht chun seirbhísí an teaghlaigh a choinneáil.

Dúirt an FSS linn go bhfuarthas cead i scríbhinn ón soláthróir Seirbhísí Míchumais a raibh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an socrúchán leis an teaghlach óstach. Ós rud é go raibh tuismitheoirí Jack scartha, mhol ionadaí dlí ón FSS go bhféadfadh fadhbanna a bheith ann dá leanfaí leis an socrúchán gan chomhairle agus ceadú a lorg ó athair Jack, ach dúirt máthair Jack leo nach raibh fáil aici ar seoladh poist nó uimhir teagmhála dá athair. Níl aon taifead ann go ndearna an FSS iarracht teagmháil a dhéanamh leis an

teaghlach sínte chun sonraí teagmhála a lorg d'athair Jack nó chun a fhiosrú an mbeadh siadsan in ann cuidiú le cúram a chur ar fáil do Jack.

Cuireadh moill ar Jack a shuíomh leis an teaghlach óstach toisc go raibh athruithe suntasacha le déanamh i dteach an teaghlaigh chun deimhin a dhéanamh de go mbeadh sé oiriúnach do ghluaiseacht Jack agus a riachtanais cúraim eile.

I mí Feabhra 2020 cuireadh Jack leis an teaghlach óstach go foirmeálta, agus socraíodh go mbeadh rochtain ag a mháthair ar Jack ag an seirbhís faoisimh ag an deireadh seachtaine.

In agallamh, dúirt Stiúrthóir Oibríochtaí an FSS go raibh an socrúchán seo “uathúil” toisc gur socrúchán fadtéarmach a bhí ann, in áit an ghnáthchleachtais ina úsáidtear teaghlaigh óstach mar shosanna faoisimh do leanaí agus teaghlaigh.

Dúirt an Ceannasaí Seirbhíse um Chúram Sóisialta agus Míchumais, “*tá go leor teaghlaigh óstach againn*; cuireann siad tacaíocht dochreidte ar fáil agus tugann siad faoiseamh do theaghlaigh.” Maidir le Jack, dúirt siad “*tá an rud ceart déanta againn sa chás seo*” agus “*tá plean iontach againn dó*”.

Mar sin féin, i bPlean Seirbhíse Náisiúnta an FSS (2016) *Tuarascáil an Shainghrúpa Náisiúnta maidir le Roinnt Tí i Seirbhísí Míchumais Intleachtúil in Éirinn*, leagadh amach an gá atá ann go rachaidh gach socrúchán le teaghlach óstach trí phainéal meaitseála lena bhfaomhadh. Níor tharla an méid sin i gcás Jack. Ghlac Seirbhís Míchumais an FSS nach raibh aon chreat rialála ná bonn dlíthiúil ag an socrúchán seo, ach gur bhraith siad gurb é an rogha is fearr agus gurbh fhearr é ná Jack a shuíomh i dtimpeallacht ospidéil nó cónaitheach. Chuir an FSS in iúl freisin go raibh an soláthróir Seirbhísí Míchumais freagrach as an teaghlach óstach a mheas agus go mbeadh oibrí sóisialta ón tseirbhís sin bainteach chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcúram a gcuirfeadh an teaghlach óstach ar fáil do Jack. Cuireadh OOL ar an eolas freisin go mbeadh Cásbhainisteoir Míchumais an FSS bainteach leis an gcás ar bhonn leanúnach chun comhordú a dhéanamh ar chúram Jack. In ainneoin sin, tugtar faoi deara nach raibh rochtain acu siúd a cuireadh faoi agallamh ón FSS ar an tuarascáil measúnaithe ar an teaghlach óstach, agus ní raibh rochtain ar an tuarascáil sin iarrtha acu.

Leagtar amach sa phlean cúraim ó mhí Bealtaine 2019 go ndéanfaidh Seirbhís Míchumais an FSS athbhreithniú bliantúil ar chúram Jack agus go dtabharfaidh siad cuairt air lena theaghlach óstach uair in aghaidh na ráithe. Níl aon soiléiriú ar fáil maidir leis an gcaoi ina ndéanfar na hathbhreithnithe sin.

Ní aon bhonn rialála a leagann amach cé chomh minic ar cheart cuairt a thabhairt ar leanaí le teaghlaigh óstach ná cé chomh minic ar cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na socrúcháin sin. I gcodarsnacht leis sin, faoi *Na Rialacháin um Chúram Leanáí (Leanáí a Shuíomh faoi Chúram Altrama) (1995)* déantar athbhreithniú ar chúram leanaí atá faoi chúram altrama laistigh de dhá mhí, gach sé mhí don chéad dhá bhliain, agus gach bliain ina dhiaidh sin. Tá sé soiléir nach gcumhdaítear cúram Jack leis na rialacháin sin.

Nuair a cuireadh dúshlán faoin Stiúrthóir Oibríochtaí maidir leis an gcinneadh Jack a shuíomh le teaghlach óstach in éagmais aon chreat rialála, mhínigh siad: “*Ag éirí as an sainghrúpa in 2016, d’fhorbair gach ECSP plean maidir le roinnt tí/teaghlaigh óstach a úsáid. Cuireann roinnt ECSPanna an méid sin ar fáil go díreach tríd FSS agus roinnt eile trí eagraíochtaí mhír 38/39.*”

Dúirt siad chomh maith i ndáil leis an easpa creat rialála maidir le leanaí a chur le teaghlach óstach, nach raibh siad “compordach leis ar chor ar bith”. Sa chomhthéacs seo, dúirt an Stiúrthóir go ndéanfar an cheist a tharraingt suas leis an Roinnt Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Sláinte, an FSS agus an GLT i gcruinniú sceidealta i mí Eanáir 2020.

Breithiúnais i gcoinne Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Breithiúnas 7

Rinneadh atreorú do Tusla i mí Aibreáin 2018 maidir le Jack agus cás a theaghlach. Bhí imní suntasacha tagtha chun cinn sa “Taifead Iontógála” maidir leis na rioscaí agus baol a d’fhéadfadh a bheith ann do Jack dá rachadh sé abhaile Dúirt Tusla ina bhfreagairt gur faoin FSS a bhí an cás. Le linn an imscrúdaithe seo luaigh Tusla dhá chúis eile maidir le cén fáth nár glacadh le cás Jack le haghaidh measúnaithe tosaigh:

- i. Níor shroich na himní sin a dtairseach páirtíochta.**
- ii. Ní raibh rochtain ag Tusla ar na socrúcháin speisialta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais Jack.**

Táimid den tuairim go raibh cinneadh Tusla gan mheasúnú tosaigh cuimsitheach a dhéanamh ar chás Jack bunaithe go míchuí ar a mhíchumas. Cinnimid go raibh sé neamartach agus idirdhealaitheach go míchuí de bharr Jack a bheith faoi míchumas. Tá sé dearbhaithe ag Tusla nach raibh aon iarracht lán-toiliúil ann idirdhealú a dhéanamh i gcoinne Jack ná a theaghlach.

Coinníonn an OOL ár seasamh go ndearnadh na gníomhartha agus cinntí idirdhealaithe go míchuí de bharr Jack a bheith faoi míchumas ar na cúiseanna a leagtar amach thíos.

Breithiúnas 8

Theip ar Tusla freagairt sheasmhach a chur ar fáil maidir lena gcinnteoireacht tar éis an atreoraithe i mí Aibreáin 2018. De bharr an mhearbhaill, bhí moill trí mhí ann ar saineolaithe eile plean cúraim a chur ar fáil do Jack, agus mar sin cinnimid go raibh an chumarsáid neamhsheasmhach sin bunaithe ar chleachtais riaracháin neamh-inmhianaithe.

Breithiúnas 9

Ní dheachaigh Tusla i ngleic le cás Jack ar aon bhealach suntasach nuair a tháinig sé ar an n-aire i dtosach tar éis atreoraithe cosanta agus leasa leanaí i mí Aibreáin 2018, nó i ríomhphoist ina dhiaidh sin i mí Bealtaine nó mí an Mheithimh an bhliain sin. Tháingamar ar an gconclúid gur séanadh aon fhreagracht cuidiú leis an mbreithniúchán ar riachtanais Jack in imthosca phríomhachta ról na FSS. Cinnimid go raibh an neamhchomhlíonadh seo ar na prionsabail atá mar bhonn ag an bPrótacal Comhpháirteach idir an FSS agus Tusla neamartach ar fhreagrachtaí na GLT ina leith sin.

I mí Aibreáin 2018 rinne an tOibrí Sóisialta atreorú cosanta agus leasa leanaí chuig an ONÁ maidir le Jack. Ba chosúil go raibh máthair Jack ag streachailt leis an bhféidearthacht go ndéanfaí é a shuíomh faoina cúram. Bhí sé curtha in iúl aici go raibh sí ag iarraidh go gcuirfí Jack faoi chúram toiliúil na GLT in ionad cónaitheach, agus go dtabharfadh sé cuairt ar theach an teaghlaigh ar bhonn rialta. I bhfreagairt a thug siad i scríbhinn, dúirt Tusla go raibh an t-atreorú “bailí” agus go raibh sé curtha chuig an gCeann Foirne Oibre Sóisialta le hathbhreithniú.

I mí an Mheithimh 2018, scríobh an tOibrí Sóisialta ón ospidéal pédiatrach ina raibh Jack ag fanacht tar éis dó filleadh ón sainsuíomh ospidéil chuig Tusla chun nuashonrú a lorg maidir leis an atreorú, deich seachtaine tar éis don atreorú a bheith déanta.

Ón ndoiciméadacht a cuireadh ar fáil, mheas an t-oibrí sóisialta gur ‘cosaint leanaí / ardleas’ a bhí i gceist leis an gcás agus go raibh “*gá go rachaidh sé go dtí an fhoireann sa limistéir chun an fhreagairt a chomhordú*” agus dúirt sé freisin go raibh “*tuilleadh ceisteanna*” le freagairt le cinneadh an raibh ceist cosanta leanaí i gceist. Tá sé scríofa os chionn sin agus liostáilte mar chinneadh, áfach, “*is ceist í seo don FSS agus ní don GFT*”.

I mí an Mheithimh 2018 dúradh leis an oibrí sóisialta go raibh rochtain ag Tusla ar socrúcháin do leanaí agus daoine óga “*atá i mbaol díobhála mar gheall ar chúinsí teaghlaigh*” agus “*níl rochtain ag Tusla ar an gcineál socrúcháin ná ar an saineolas atá de dhíth chun riachtanais chasta, amhail riachtanais Jack, a bhainistiú*”.

Dúradh sa chomhfhreagras go raibh teagmháil déanta ag Tusla leis an mBainisteoir Míchumais FSS áitiúil agus de bhun an mhéid sin: “*ní ann do mheasúnú um chosaint leanaí a léiríonn go bhfuil gá ann {Jack} a shuíomh faoi chúram an stáit*”. Dá réir, ní bheadh sé oiriúnach nó ceart Jack a shuíomh faoi chúram toiliúil toisc nach raibh an “tairseach” don chéanna bainte amach aige. Dúirt Tusla nach mbeadh siad bainteach arís toisc nach raibh aon cheisteanna cosanta leanaí i gceist leis an gcás seo.

Luaitear freisin go raibh sé mar bhuncheist sa chinnteoireacht sin nach raibh “*aon díobháil á dhéanamh do Jack ag an teaghlach*”. Mar sin, chinn Tusla go mba cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais Jack agus a theaghlaigh laistigh de Sheirbhís Míchumais an FSS agus chuir siad in iúl go raibh sé ar intinn acu an cás a dhúnadh. Sa doiciméad beartais “*Tairseacha um Atreorú chuig Seirbhísí Oibre Sóisialta Tusla (2014)*” liostaítear na cásanna imní is tromchúisí ina bhfuil gá le haird agus idirghabháil Oibre Sóisialta láithreach faoi Leibhéal a Ceathair, lena n-áirítear cásanna:

- Nach bhfuil tuismitheoir/cúramóir in ann freastail ar riachtanais an linbh fiú le tacaíocht.
- Nach bhfuil tuismitheoir/cúramóir in ann nó ag iarraidh leanúint de chúram a chur ar fáil do leanbh.
- Nach bhfuil tuismitheoirí/cúramóir in ann cúram a chur ar fáil do leanbh.
- Nach bhfuil duine ar bith ar fáil chun cúram a thabhairt don leanbh.
- Ina bhfuil éifeacht suntasach ag fadhbanna sláinte ar an bhfoghlaim/ forbairt.
- Ina dtréigtear an leanbh.

Táimid den tuairim go raibh Jack cumhdaithe ag roinnt de na catagóir sin thuas.

Cuirtear an treoir seo a leanas ar fáil d'Oibrithe Sóisialta maidir leis an gcéad chéim measúnaithe i *Lámhleabhar Tusla um Chosaint agus Leas Leanaí (2011)*. *“Mura réiteofar an cheist le linn an phróisis atreoraithe, déanfar measúnú tosaigh. Áireofar leis sin cruinniú leis an leanbh agus le tuismitheoirí an linbh, mar aon le teagmháil le saineolaithe atá bainteach chun tuiscint a fháil ar an leanbh agus ar an gcás. Is é is aidhm don measúnú sin ná réamh-chonclúid a bhaint amach maidir leis na riachtanais nach bhfuil á shásamh agus an riosca díobhálacha d’fhonn freagairt iomchuí a phleanáil agus a chur ar fáil. 20 lá oibre an t-amscála chun measúnú tosaigh a chríochnú.”*

Níor tharla an méid sin.

I mí Lúnasa 2019, rinne an t-ospís a raibh i mbun cúraim Jack atreorú eile do Tusla agus rinneadh tagairt ar dhá litir eile a cuireadh chucu roimhe sin maidir le himní faoin gcaidreamh gníomhach le máthair Jack. Chuir Tusla in iúl arís nach raibh na himní a bhí mar bhonn ag an gcás seo ag teacht leis an tairseach i ndáil le ceist cosanta agus leasa linbh. Dúirt siad linn *“is cosúil faoi láthair nach bhfuil saineolaithe ar an eolas maidir leis na bealaí ina bhféadfadh an GLT cabhair a chur ar fáil seachas {Jack} a shuíomh faoi chúram”*. Labhair oibrí sóisialta leis an té a rinne an t-atreorú sin agus le máthair Jack an uair seo, áfach. B’in é an chéad uair a raibh Tusla tar éis labhairt le máthair Jack in ainneoin na n-imní a leagadh amach sa chomhfhreagras i mí Aibreáin 2018, agus i mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2019 maidir le leas Jack agus inar iarradh ar Tusla tacaíochta a chur ar fáil chun an cás a bhainistiú.

Nuair a chuireamar ceist maidir le cinneadh Tusla gan a bheith bainteach leis an gcás nuair a rinneadh an t-atreorú tosaigh i mí Aibreáin 2018, d’aithin an Stiúrthóir Seirbhísí go bhféadfaí seirbhísí a ofráil do Jack agus dá theaghlach, cé nach raibh aon cheisteanna soiléire ann maidir le cosaint leanaí le haithint san atreorú. Eadhon, an tseirbhís Meitheal, dá bhforáiltear faoin Seirbhís Páirtíochta, Coisc, agus Tacaíochta Teaghlaigh (PPFS) arna cur ar fáil ag Tusla. Aithníodh freisin go bhféadfadh Tusla ról a imirt i ndáil le tacú le máthair Jack agus a fháil amach, in ainneoin na ndeacrachtaí aici, an bhféadfaí í a chumasú ról níos láidre a imirt i ndáil le cúram a chur ar fáil dá mac. Dúirt an Stiúrthóir Seirbhísí *“nach raibh a fhios acu cén fáth nár ofráladh an méid sin sa chás seo”*.

Tugadh roinnt cúiseanna iomaíocha dúinn chun an seasamh a tógadh i ndáil leis na hatreoruithe a bhfuarthas i mí Aibreáin 2018, agus i mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2019 a mhíniú, amhail:

- go raibh an t-atreorú tosaigh ró-shaintreorach agus, go bunúsach, iarratas ar mheasúnú ar chúram toiliúil a bhí ann;
- ní raibh leanbh a raibh fágtha san ospidéal ag tuismitheoir ag teacht leis an tairseach le haghaidh idirghabhála;
- níl rochtain ag Tusla ar an gcineál socrúcháin speisialta ná saineolas atá de dhíth ar Jack agus;
- go mba cheart FSS obair i gcomhar le Tusla de bhun an phrótacail chomhpháirtigh in áit atreorú cosanta agus leasa leanaí a dhéanamh.

Dúirt Tusla linn go raibh roinnt cruinnithe san ospidéal nár tugadh cuireadh dóibh freastail orthu. Ina leith sin dúirt an Stiúrthóir Seirbhísí *“Féadfaidh mé a rá go cinnte go mbíonn muid i láthair ag cruinnithe i gcónaí má thugtar cuireadh dúinn a bheith a láthair. Tá sé de fhreagracht againn a bheith i láthair ag an mbord má iarrtar sin.”*

Glacann Tusla leis go bhféadfaí an cás seo a atreorú chuig PPFS, agus dúirt an Stiúrthóir Seirbhísí “níl a fhios agam cén fáth nár ofráladh an méid sin sa chás seo” i gcás “máthair leochaileach a raibh tacaíocht ag teastáil uaithi”. Dúirt an Stiúrthóir Seirbhísí freisin go raibh siad “sásta go bhfuil OOL ag breathnú ar a leithéidí cásanna, tá fadhb beartais ann” agus d’admhaigh sé freisin “admhaím, ag an tús, go bhféadfadh muid iniúchadh níos deimhne a dhéanamh ar an bhfaisnéis”.

I mí an Mheithimh chuir an FSS litir chuig Tusla arís inar léiríodh go raibh plean i bhfeidhm Jack a shuíomh le “Teaghlach Óstach”, agus chuir siad in iúl; “moladh dúinn fógra foirmeálta a thabhairt do Tusla maidir leis na roghanna socrúcháin atáimid ag lorg don bhuachaill óg seo” agus “bheadh muid buíoch de dá gcuirfeadh Tusla, ina ról mar an gcomhlacht reachtach sábháilteachta agus leasa leanaí, comhpháirtíocht ar fáil chun an cás dúshlánach neamhghnách seo a bhainistiú ós rud é go bhfuil socrúchán cuí idir lámha”.

I litir Tusla chuig an oifig seo i mí Mheán Fómhair 2019 déanadh cur síos ar an moladh Jack a shuíomh le teaghlach óstach mar “pacáiste cúraim iontach atá dírithe ar riachtanais cúraim leanúnacha Jack a bhaint amach”. In agallamh le Stiúrthóir Oibríochtaí Tusla i mí na Nollag 2019 cuireadh in iúl go mba cheist do Sheirbhísí Míchumais an FSS Jack a shuíomh le teaghlach óstach, agus ní do Tusla.

Cuid 5: Moltaí

- 5.1** I gcomhréir leis an Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 tá sé mar aidhm againn moltaí a dhéanamh atá cothrom agus tairbheach do gach páirtí atá bainteach leis an ngearán. Agus an méid sin á dhéanamh, tabharfar aird ar leas an linbh lena mbaineann.
- 5.2** Aithnímid an tasc dúshlánach atá roimh comhlachtaí poiblí maidir lena ndualgas reachtúil a chomhlíonadh maidir le leanaí atá faoi míchumas nach bhfuil a dtuismitheoirí nó cúramóirí in ann nó ag iarraidh cúram a chur ar fáil dóibh sa bhaile.
- 5.3** In ainneoin na ndúshlán sin, is ar an FSS agus ar Tusla a thiteann na hoibleagáidí a bhfreagrachtaí reachtúla a urscaoileadh i gcomhréir leis an reachtaíocht agus beartais ábhartha.

Cuid 6:

Freagairtí na gComhlachtaí Poiblí ar na Moltaí

FSS

6.1 Mar fhreagairt ar an moladh go mba cheart don fhoireann Míchumais FSS áitiúil cruinniú ildisciplíneach a thionóladh le gach seirbhís a bhí bainteach le cás Jack go dtí seo.

- *D'eagraigh Seirbhísí Míchumais an FSS áitiúla dhá chruinniú ildisciplíneacha i mí Iúil agus mí Lúnasa 2020, agus tá cruinniú eile beartaithe do mhí Mheán Fómhair 2020;*
- *Tá plean foirmeálta i bhfeidhm do chúram sláinte Jack agus déanfar é a nuashonrú go rialta. Tá na comhlachtaí uilig ag obair i gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais Jack agus riachtanais a mháthair agus a theaghlach óstach, mar atá doiciméadaithe:*
- **Cúram Sláinte:** *Rinne a fhoireann leighis athbhreithniú ar Jack le déanaí agus déanfar athbhreithniú eile air i mí Mheán Fómhair 2020;*
- **Trealamh:** *D'fhreastail Jack ar an gClinic Lárnach Íocshláinteach (CLÍ) le haghaidh dara feistis toisc go bhfuil sé ag éirigh rómhór dá chathaoir rothaí; agus malartaíodh a leaba le leaba cúig-fheidhm;*
- **Faoiseamh:** *Bhain Jack leas as faoiseamh ó mí Lúnasa 2020; tá sé dlite leas a bhaint as faoiseamh arís ó mhí Mheán Fómhair 2020, is é atá beartaithe ó mhí Mheán Fómhair 2020 ná filleadh ar an bplean faoisimh tosaigh ag an deireadh seachtaine, ach chuir teaghlach óstach Jack in iúl nach bhfuil sé seo ina cheist phráinneach dóibh;*
- **Ceanglais dlí:** *Tá sé deimhnithe ag Tusla go bhfuil gá le tacaíocht teaghlach i gcás Jack, cé nach gcomhlíonann sé na riachtanais maidir le hidirghabháil cosanta leanaí. Chuige sin, tá duine idirtheagmhála sannta do chás Jack (trí sheirbhís Meitheal de chuid Tusla) agus tá an té sin ag cabhrú lena mháthair le foirmeacha ceadúcháin a líonadh amach, agus ag cabhrú léi teagmháil a dhéanamh lena fhoireann leighis;*
- **Teidlíochtaí agus tacaíochtaí eile:** *Tá cúnamh á thabhairt do theaghlach óstach Jack rochtain a fháil ar liúntas leanaí, liúntas chun filleadh ar scoil, tacaíocht ó Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, agus cead páirceála do dhaoine faoi míchumas;*
- **Scoil:** *Cé gur fhreastail Jack ar {scoil speisialta ainmnithe} le linn na scoilbhliana 2019/2020, tá sé díreach tosaithe – ar chlár ama laghdaithe (2.5 uair sa lá) atá le hardú i gcéimeanna – i {scoil speisialta ainmnithe} don scoilbhliain 2020/2021 (le tacaíocht saincheaptha aonair). Tá bheirt chomrádaithe ranga aige agus tuairiscítear go bhfuil sé socraithe isteach go maith;*
- **Cásbhainistiú:** *Ós rud é gur imigh cásbhainisteoir FSS Jack ón bpost go*

luath i mí Lúnasa 2020, beidh an Bainisteoir Seirbhísí Míchumais i bhfeighil ar a chás a bhainistiú go dtí go dtosóidh cásbhainisteoir nua (i.e. oibrí sóisialta a bhfuil taithí acu le cosaint leanaí) le Seirbhísí Míchumais an FSS i mí Dheireadh Fómhair 2020.

- Bíonn teagmháil seachtainiúil ag teaghlach óstach Jack le roinnt saineolaithe e.g., a Oibrí Sóisialta {sa tSeirbhís Míchumais arna maoiniú ag an FSS} agus a Alta Bainisteora Cliniciúil (Grád 3); agus a Altaspeisialtóir Cliniciúil do leanaí a bhfuil ríocht a chiorraíonn a saol orthu.
- Tá buiséad saincheaptha aonair ann chun aghaidh a thabhairt ar threalamh agus riachtanais eile Jack, agus déanfar athbhreithniú rialta ar sin (e.g., chun aghaidh a thabhairt ar aon riachtanais a thioctfaidh chun cinn amach anseo).
- Tá sé aontaithe ag an Stiúrthóir Seirbhíse do Tusla i {ceantair ainmnithe} agus Príomhoifigeach an FSS go mbuailfidh siad le chéile in aghaidh na ráithe, ina ról mar na hoifigigh is sinsearaí ag an leibhéal seo, mar gheall go bhfuil líon ard cásanna casta ann a bhaineann leis an dá ghníomhaireacht. Déanfar an méid sin in éineacht leis an ngnáthchomhar idir na seirbhísí. Is é is aidhm leis seo ná comhoibriú agus réiteach fadhbanna ar cheisteanna d'fhéadfadh teacht chun cinn do chásbhainisteoirí a neartú.

6.2 Mar fhreagairt ar an moladh go mba cheart do Seirbhísí Míchumais an FSS tús láithreach a chur le hathbhreithniú córasach a dhéanamh ar gach cás ina bhfuil leanbh san ospidéal gan gá ann de réir míochaine.

- Beidh seirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine an FSS ina gcomhshínitheoirí ar leagan a dó de Phrótacal athbhreithnithe an FSS/Tusla um Chomhoibriú Idirchomhlachta idir FSS agus Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanáí agus An Teaghlach chun Leas Leanáí agus Teaghlaigh A Chur Chun Cinn (2017) – dá ngairtear Prótacal Comhpháirteach an FSS/Tusla (2020) amach anseo. Beidh sé luaite sa phrótacal sin go mbeidh Oibríochtaí Pobail FSS agus seirbhísí ospidéil Ghéarmhíochaine, i gcomhar le Tusla, tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar gach cás ina bhfuil leanbh ag fanacht san ospidéal mura bhfuil gá ann de réir míochaine chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an reachtaíocht, beartais, agus treoirdhoiciméid ábhartha á gcomhlíonadh. Cuirfear leis an bprótacal reatha chun go mbeidh seirbhísí ospidéil ghéarmíochaine cumhdaithe ann dá réir. Beidh an prótacal athbhreithnithe sínithe i R4 2020 agus beidh sé mar bhonn do gach comhar idirghníomhaíochta idir an FSS agus Tusla (e.g., CAMHS).

6.3 Mar fhreagairt ar an moladh go mba cheart do Sheirbhís Míchumais FSS creat a fhorbairt chun measúnú uilechuimsitheach a dhéanamh ar chás linbh agus teaghlaigh araon.

- Tá sé comhaontaithe ag FSS agus Tusla síniú a chur le creat nua, faoi dheireadh R4 2020, chun measúnú uilechuimsitheach a dhéanamh ar leanaí a measadh a bheith curtha faoi chúram ospidéil go míchuí nó atá fós faoi chúram ospidéil. Cuirfear cúinsí a dteaghlaigh san áireamh. Aireofar freisin measúnú ar a fhéideartha atá sé don leanbh filleadh ar an mbaile, nó ar a fhéideartha atá socrúchán cúraim roinnte lena dteaghlach

nó lena dteaghlach sínte.

- Tá sé mar aidhm againn go mbeifear in ann cúram saincheaptha speisialta agus pacáistí tacaíochta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an linbh a bhunú ar mheasúnaithe den chineál sin.

6.4 Mar fhreagairt ar an moladh go rachaidh Seirbhísí Míchumais an FSS i ngleic leis an Roinn Sláinte go náisiúnta chun beartais straitéiseacha a chomhaontú chun a áirithiú go mbeidh réimse leordhóthanach seirbhísí agus maoiniú ar fáil chun tacú le cearta leanaí atá faoi míchumas fás aníos sa bhaile lena dteaghlach.

- Aithníonn an FSS go dtugtar gealltanais sa Chlár Rialtais a glacadh le déanaí go bhféachfar leis an 'Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú ar Acmhainneacht Míchumais' (i.e. infheistíocht ilbhliantúil) a chur i bhfeidhm. Léirítear leis an méid sin an chaoi ina bhfuil an FSS tar éis dul i ngleic leis an Roinn Sláinte thar thréimhse fada ama chun deimhin a dhéanamh de go bhfeabhsófar seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí do leanaí, chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ann agus a dtiocfaidh chun cinn amach anseo, agus nach mór go gcuirfear maoiniú iomchuí ar fáil chuige sin agus tá an FSS ag iarraidh go gcuirfear an plean infheistíochta rithábhachtach sin i bhfeidhm láithreach;
- Bhuail an FSS agus Tusla araon leis an Roinn Sláinte agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i mí Feabhra 2020 chun Meabhrán Tuisceana (MT) a chomhaontú maidir le Prótocal Comhpháirteach an FSS/Tusla (2017) agus na hacmhainní atá ag teastáil chun freagrachtaí na gcomhlachtaí a chomhlíonadh. Táthar ag siúl leis go mbeidh an MT sin críochnaithe i mí Mheán Fómhair 2020 agus tá sé le faomhadh ag na Ranna ábhartha. Tá sé comhaontaithe ag an dá chomhlacht go ndéanfar gach iarracht acmhainní a chur ar fáil do na cásanna casta a thiocfaidh chun cinn go dtí go ndéanfar an méid sin.
- De dhroim cruinnithe in 2019, tá an FSS ag déanamh dul chun cinn faoi láthair maidir le Bainisteoirí Líonra do Leanaí faoi Míchumas a earcú, a bheidh i bhfeighil ar ár 91 Foireann ar an Líonra do Leanaí faoi Míchumas (FLLM). Beidh sé mar aidhm ag na FLLManna sin seirbhís níos cothroime agus níos tráthúla a chur ar fáil do leanaí atá faoi míchumas casta.

6.5 Mar fhreagairt ar an moladh go mba cheart do Seirbhís Míchumais an FSS athbhreithniú náisiúnta a dhéanamh ar an ngá atá ann do chúram malartach a chur ar fáil do leanaí atá faoi míchumas nach bhfuil a dtuismitheoirí nó cúramóirí in ann nó ag iarraidh cúram a chur ar fáil dóibh.

- Agus muid ag glacadh leis go bhfuiltear ag trácht anseo ar leanaí faoi míchumas atá san ospidéal cé nach bhfuil gá ann de réir míochaine, déanfaidh an FSS, i gcomhar le Tusla, athbhreithniú náisiúnta ar an ngá atá ann le chúram malartach i measc an ghrúpa leanaí sin agus cuirfidimid tuarascáil ar fáil faoi dheireadh R2 2021 ina leagfar síos na riachtanais chun a chinntiú go mbeidh seirbhís uilechuimsitheach ann do na leanaí sin agus dá dteaghlach.
- Tá chúram cuí curtha ar fáil ag an FSS do leanaí faoi míchumas i gcás nach raibh a dtuismitheoirí in ann cúram a chur ar fáil dá leanbh. Bhí cásanna

ann, áfach, nár d'eascair toradh barrmhaith as an seirbhís a cuireadh ar fáil don leanbh, mar a tharla i gcás Jack. Tá go leor leanaí faoi chúram Tusla a bhfuil riachtanais cosanta acu agus míchumas orthu.

- 6.6** Mar fhreagairt ar an moladh go mba cheart go gcuirfí prótacal nua i bhfeidhm chun easaontuithe agus gearáin idir Sheirbhísí Míchumais FSS agus seirbhísí míochaine a bhainistiú.
- *Le síniú i R4 2020, déanfar cur síos soiléir i bPrótacal Comhpháirteach an FSS/Tusla (2020) ar an gcaoi ina ndéanfar bainistiú ar easaontuithe agus gearáin idir seirbhísí éagsúla FSS. Beidh mionsonraí ann maidir le gníomhartha i ndáil le moilleanna leanaí a scaoileadh amach ó shuíomhanna leighis (féach Moladh #2).*

Tusla

- 6.7** Mar fhreagairt ar an moladh go mba cheart do Tusla treoir láithreach a eisiúint go gach réimse oibre sóisialta, le rá nach mór atreoruithe cosanta agus leasa leanaí a bhaineann le leanaí atá faoi míchumas a mheasúnú agus a bhainistiú ar an gcaoi chéanna le gach atreorú eile agus i gcomhréir leis na beartais agus nósanna imeachta náisiúnta:
- *Eiseoidh Tusla treoir do gach Réimse Tusla gan mhoill le rá nach mór atreoruithe cosanta agus leasa leanaí a bhaineann le leanaí faoi míchumas a mheasúnú agus a bhainistiú ar an gcaoi chéanna le gach atreorú eile agus i gcomhréir leis na beartais agus nósanna imeachta náisiúnta;*
 - *Ceist ar an tábhacht céanna a eascraíonn as an gcás seo, is mian le POF Tusla go méadófar an réimse tacaíochta airgeadais agus teaghlaigh a mhéid agus is féidir, chun leas a dhéanamh do leanaí amhail Jack fiú mura mbeidh ceist cosanta i gceist leo. Leanfar le béim a chur ar an méid sin agus comhairle bainistíochta á cur ar bhaill foirne.*
- 6.8** Mar fhreagairt ar an moladh go mba cheart do Tusla athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an phróisis measúnaithe tosaigh faoin Samhail Dea-Cleachtais *Signs of Safety* chun deimhin a dhéanamh de nach ndéanfaidh sé idirdhealú i gcoinne leanaí atá faoi míchumas nach bhfuil a dtuismitheoirí nó cúramóirí ar fáil nó in ann cúram a chur ar fáil dóibh.
- *Déanfaidh Tusla athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an phróisis measúnaithe tosaigh faoin Samhail Dea-Chleachtais 'Signs of Safety' chun deimhin a dhéanamh de nach ndéanfaidh sé idirdhealú i gcoinne leanaí atá faoi míchumas nach bhfuil a dtuismitheoirí nó cúramóirí ar fáil nó in ann cúram a chur ar fáil dóibh. Tá POF Tusla sásta go dtabharfaidh an fhreagairt a tugadh ar mholadh a seacht aghaidh ar an gceist sin. Tá sé tábhachtach a aithint nach ndéanann 'Signs of Safety' idirdhealú i gcoinne leanaí atá faoi míchumas mar shamhail dea-chleachtais. Déanfar gach iarracht chun deimhin a dhéanamh de nach ndéanfaidh aon bheartas de chuid Tusla idirdhealú i gcoinne leanaí atá faoi míchumas.*

FDD agus Tusla

6.9 Mar fhreagairt ar an moladh go mba cheart don FSS agus Tusla dul i ngleic leis an soláthróir seirbhíse ábhartha atá maoinithe ag an FSS le deimhniú an bhfuil socrúchán Jack leis an teaghlach óstach ag cloígh leis na riachtanais cosanta uilig faoi Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta agus an bhfuil sé ar an gcaighdeán céanna le cúram altrama:

- *Tá sé comhaontaithe ag an FSS agus Tusla measúnú a eagrú le deimhniú an bhfuil an bhfuil socrúchán Jack leis an teaghlach óstach ag cloígh leis na riachtanais cosanta uilig (de réir Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017). Tabharfaidh Príomhoifigeach an FSS agus Stiúrthóir Seirbhísí Tusla tús áite don cheist seo chun éifeacht a thabhairt dá bhfuil i gceist leis an moladh. Tá a saineolas curtha ar fáil ag an GLT do FSS maidir le cosaint leanaí chun na críche sin.*
- *Dheimhnigh an Príomh-Oibrí Sóisialta go bhfuil comhairle maidir le cosaint curtha ar fáil don theaghlach óstach.*
- *Fuair an GLT comhairle dlí freisin agus mhol siad don FSS go mb'fhéidir go bhféadfaí stádas comhchaomhnóireachta a lorg don teaghlach óstach tar éis 12 mhí.*

6.10 Mar fhreagairt ar an moladh go mba cheart don FSS agus Tusla gníomhartha a chomhaontú chun aghaidh a thabhairt ar na laigí a aithnítear i dTuarascáil an Shainghrúpa Náisiúnta: Roinnt Tí agus Míchumas Intleachtúil (2016) mar a bhaineann siad le leanaí.

- *Maidir le haghaidh a thabhairt ar na laigí a aithnítear i dTuarascáil an Shainghrúpa Náisiúnta: Roinnt Tí agus Míchumas Intleachtúil (2016), agus cé go bhfuil rialúchán i réimse na Seirbhíse Baile ina phríomhcheist don FSS, is faoin Rialtas atá sé reachtaíocht a thabhairt isteach sa réimse sin. Cé go n-aithníonn FSS na buntáistí a bhaineann le Roinnt Tí, tá dúshlán straitéiseacha agus oibríochta i gceist leis an múnla sin a sholáthar i gcomhthéacs na hÉireann. Cuirtear treoirphlean ar fáil leis an tuarascáil chun na ceisteanna sin a réiteach agus tá plean chur chun feidhme chun obair an Shainghrúpa Náisiúnta um Roinnt Tí a chur chun cinn á thiomnú. Sa chomhthéacs sin, cuireadh maoiniú ar fáil do gach Ceantar ECSP chun an múnla Roinnte Tí a thabhairt isteach / a neartú ina gceantar áitiúil agus chun socrúcháin conartha a bhunú le Soláthróirí Seirbhíse agus Teaghlach Óstach.*

6.11 Mar fhreagairt ar an moladh go mba cheart do Tusla agus an FSS deimhin a dhéanamh de go bhfuil ceantair áitiúla inniúil agus in ann an Prótacal Comhphárteach a chur i bhfeidhm agus go bhfuil próiseas struchtúrtha ann chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an méid sin a chur i bhfeidhm chun comhoibriú idir chomhlachtaí a uasmhéadú agus a chinntiú.

Freagairt Chomhpháirteach an FSS agus Tusla ar Mholadh 11

- Agus na nithe a bhfoghlaímíodh dtí seo ó Phrótacal Comhpháirteach an FSS/Tusla (2017) agus ón athbhreithniú ar chásanna, lena n-áirítear cás Jack, á gcur san áireamh i bPrótacal Comhpháirteach an FSS/Tusla athbhreithnithe (2020) - atá le críochnú i R4 2020 - cinnteoidh an comhaontú go mbeidh comhoibriú níos fearr ann idir chomhlachtaí agus tacaíocht á chur ar fáil do leanaí faoi míchumas atá socrúchán cónaitheach de dhíth orthu. Áireofar ar an méid sin leanaí a mheastar a bheith curtha i suíomhanna ospidéil go míchuí, agus beidh sé formhuinithe ag Seirbhísí Ospidéil Ghéarmíochaine an FSS, a bheidh mar chomhsínitheoirí ar an bprótacal athbhreithnithe.
- Tá an FSS agus Tusla tiomanta freisin do:
 - Ceardlanna breise maidir le conas Prótacal Comhpháirteach an FSS/Tusla athbhreithnithe a chur i bhfeidhm a chur ar fáil sna ECSPanna dírithe ar bhainisteoirí agus baill foirne an FSS agus Tusla araon (i.e. Ospidéal Ghéarmíochaine; Míchumas; Meabhairshláinte, Príomhchúram); agus
 - Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phrótacail i ngach ceantar ECSP agus Tusla.

Oifig an Ombudsman do Leanáí
Millennium House
52–56 Sráid na Trá Mhóir
Baile Átha Cliath 1
D01 F5P8

T: 01 865 6800
F: 01 874 7333
E: oco@oco.ie
www.oco.ie
 [@OCO_Ireland](https://twitter.com/OCO_Ireland)